Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2025

Ealaíona Íomhá Gluaiste

Tascanna Measúnaithe Rialaithe

Comhpháirt 2: Gnóthú Scileanna i Léiriú Íomhá Gluaiste

[G9532]

AR FÁIL Ó MHEITHEAMH 2023
LE CUR ISTEACH BEALTAINE 2025

TASCANNA MEASÚNAITHE RIALAITHE

Ealaíona Íomhá Gluaiste GCSE Comhpháirt 2: Tascanna Measúnaithe Rialaithe

Ní mór d'iarrthóirí **ceithre** thasc a chur i gcrích don chomhpháirt seo.

Ba chóir d'iarrthóirí tabhairt faoi na ceithre thasc don chomhpháirt seo le linn na chéad bhliana den chúrsa. Déanfaidh scileanna a fhorbraítear sa chomhpháirt seo iarrthóirí a ullmhú do Chomhpháirt 3.

Tá na ceithre thasc liostaithe thíos. Cludaíonn siad na **cúig chroí-scil** de léiriú scannán.

- Tasc 1: Scéalchlár a dhéanamh
- Tasc 2: Ceamara agus Eagarthóireacht (réimsí comhscileanna)
- Tasc 3: Fuaim Iarléirithe
- Tasc 4: Beochan

Tá mionsonraí ar ábhar spreagthach do gach tasc ar an chéad leathanach eile.

Dearadh gach ceann de na tascanna seo le heispéireas foghlama a chur ar fáil a thugann deis don dalta:

- eolas agus tuiscint a fhorbairt ar na próisis chruthaitheacha agus theicniúla a bhaineann le táirgí íomhá gluaiste a léiriú; agus
- na cúig chroí-scil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go cruthaitheach mar fhreagairt ar ábhar spreagthach atá curtha ar fáil ag CCEA.

Tá **20%** d'iomlán na marcanna don bhronnadh GCSE ag dul do Chomhpháirt 2.
Is é **60** uaslíon na marcanna don chomhpháirt seo.
Tá an chomhpháirt mheasúnaithe rialaithe seo éigeantach.

Tá na marcanna dáilte agus ualaithe trasna na gcuspóirí measúnaithe mar seo a leanas:

Cuspóirí Measúnaithe		Marcanna/%
CM1	Eolas agus tuiscint a léiriú ar theanga, seánraí, cleachtais, teicnící agus comhthéacsanna scannán;	**15 mharc 5%**
CM2(a)	Eolas agus scil atá cruthaitheach agus teicniúil a chur i bhfeidhm ar an réamhléiriú, léiriú agus iarléiriú de tháirgí íomhá gluaiste;	**45 marc 15%**

Tá breac-chuntas sa tábla thíos ar mhiondealú na marcanna, leithdháileadh ama do gach tasc agus an ualú chéatadánach fhoriomlán:

Míreanna Portfóilió	Leithdháileadh Ama	Marc Iomlán ar Fáil	Cuspóir Measúnaithe	% Ualaithe
Tasc 1 Scéalchlár a dhéanamh	$2\frac{1}{2}$ uair an chloig	10	CM1 & CM2(a)	20% den GCSE
Tasc 2 Ceamara & eagarthóireacht	$7\frac{1}{2}$ uair an chloig	20	CM1 & CM2(a)	
Tasc 3 Fuaim Iarléirithe	5 uair an chloig	15	CM1 & CM2(a)	
Tasc 4 Beochan	5 uair an chloig	15	CM1 & CM2(a)	

Déantar an portfóilió seo a mharcáil go hinmheánach agus déantar é a mhodhnú go seachtrach.

Déan tagairt le do thoil do *GCSE Moving Image Arts Controlled Assessment Guidance* le mionsonraí a fháil ar riachtanais Measúnaithe Rialaithe.

TASC 1: SCÉALCHLÁR A DHÉANAMH

Nóta do Mhúinteoirí:

Iarrtar ar iarrthóirí sa tasc seánra-bhunaithe seo **scéalchlár idir 10 go 20 seat** a tháirgeadh don tsraitheog réamhscriptithe a leanas. Tá móitífeanna éagsúla idir mhóitífeanna radhairc agus inste sa tsraitheog ar chóir do dhaltaí bheith eolach orthu óna gcuid staidéar. Cé gur léir go mbaineann an script le seánra an Uafáis, beidh roinnt roghanna ag iarrthóirí maidir leis an dóigh a roghnaíonn siad léirmhíniú a dhéanamh air. Is féidir go gcuirfidh cuid acu béim ar thréithe Rómánsúla na sraitheoige, ach go ndíreoidh daoine eile ar theannas a thógáil nó na tobgheiteanna a chur ar fáil.

Nóta d'Iarrthóirí:

Díríonn an tasc seo ar an scil a bhaineann le scéalchlár a léirshamhlú agus a tháirgeadh.

- Iarrtar ort **scéalchlár do shraitheog ghairid scannáin (10–20 seat)** a chruthú, bunaithe ar an chreatlach scéil de script scannáin atá curtha ar fáil.
- Thig le do scéalchlár a bheith lámhlínithe agus/nó fótagrafach.
- Is í an aidhm atá le do scéalchlár ná doiciméad a chruthú a d'fhéadfadh stiúrthóir a úsáid le do scannán a dhéanamh.
- Ba chóir duit íocónagrafaíocht seánra a chomhshnaidhmeadh i do scéalchlár. Thig leis seo a bheith lámhlínithe agus/nó fótagrafach.
- Ba chóir go léireodh gach fráma de do scéalchlár:
  - aicsean ar an scáileán
  - frámú, suí agus gluaiseacht an cheamara
  - soilsiú
  - nótaí ar dhearadh léiriúcháin (m.sh. soilsiú, mise-en-scène, maisíochtaí fuaime) mar is cuí
- Ní mór duit an scéalchlár deireanach a chur isteach mar chomhad .pdf.

TASC 1: SCRIPT SPREAGTHACH AN SCÉALCHLÁIR

AMGH. TINE CHAMPA SAN FHORAOIS – OÍCHE

Ar imeall plásóige sna coillte, tá ALEX agus MICHAEL ina suí agus solas ó thine champa ag lonrú orthu. Cuireann Michael bloc eile adhmaid ar an tine. Oíche dhorcha atá ann agus tá an ghaoth ag neartú. Bailíonn Alex agus Michael isteach níos gaire dá chéile.

POINTE FÉACHANA (P.O.V.) AN ARRACHTA

Tá Alex agus Michael ag éirí an-ghar dá chéile agus an-teolaí agus iad ina suí ag an tine.

SIAR GO RADHARC

Labhraíonn Alex agus Michael go séimh agus go doiléir. Déanann rud éigin sna crainn iad a scanrú go tobann. Amharcann siad suas isteach sa cheannbhrat ach ní cosúil go bhfuil rud ar bith ann. Filleann siad ar a gcomhrá teolaí. Déanann Michael méanfach, síneann a lámha amach agus cuireann ceann acu thart ar ghualainn Alex. Agus é seo á dhéanamh aige, titeann sreang mhór ghreamaitheach de ramallae ar a lámh.

Alex
"Uch! Cad é sin?"

Sula mbíonn deis ag Michael freagra a thabhairt, tarraingítear é in airde go hard sna crainn agus as radharc. SCREADANN Alex. Tarraingíonn sí siar agus sciobann sí bloc adhmaid atá ag dó ón tine agus tosaíonn á chroitheadh thart go fiáin.

POINTE FÉACHANA (P.O.V.) AN ARRACHTA

Druideann an t-arracht isteach go mall, go fuarchúiseach agus go ciúin anuas ar Alex, a bhfuil scaoll uirthi.

SIAR GO RADHARC

Tá scéin ar Alex anois, agus cúlaíonn sí siar go mall i dtreo na tine. Agus í ag cúlú, baineann sí tuisle aisti féin. Agus í ag titim siar soilsíonn an solas ón tine aghaidh ghránna an arrachta.

TASC 2: CEAMARA & EAGARTHÓIREACHT

Nóta do Mhúinteoirí:

Sa tasc seo, cuirfear script spreagthach ar fáil d'iarrthóirí agus táthar ag súil go ndéanfaidh siad a scannán féin bunaithe uirthi seo agus go ndéanfaidh siad eagarthóireacht air. Tá an script spreagthach seo neamhshonrach ó thaobh seánra de agus tá sí curtha i láthair i bhformáid scripte. Déanfaidh iarrthóirí sraitheog scannánaithe a tháirgeadh nár chóir di maireachtáil níos mó na **1 nóiméad** agus ar chóir di eolas praiticiúil a léiriú go héifeachtach:

- ar ghluaiseacht, frámú agus suíomh ceamara
- ar theicnící d'eagarthóireacht leanúnachais
- ar uainiú agus ar luas
- ar úsáid chuí de shoilsiú praiticiúil lena chinntiú go bhfuil an píosa scannáin infheicthe

Nóta d'Iarrthóirí:

Díríonn an tasc seo ar scileanna léiriúcháin in úsáid an cheamara agus in eagarthóireacht.

- Iarrtar ort **sraitheog ghairid scannáin (uasfhad: 1 nóiméad)** atá bunaithe ar an script atá curtha ar fáil a dhéanamh agus eagarthóireacht a dhéanamh uirthi. (Ba chóir duit tógáil ar na scileanna a forbraíodh sa tasc roimhe seo trí scéalchlár a chruthú mar ullmhú don scannán a dhéanamh agus don eagarthóireacht ach níor chóir go mbeadh sé seo curtha isteach faoi choinne measúnaithe).
- Is í an aidhm atá leis an tasc ceamara agus eagarthóireachta seo ná chun measúnú a dhéanamh ar an chumas atá agat:
  - seatanna a phleanáil a dhéanfaidh eagarthóireacht leanúnachais a chumasú
  - éagsúlacht de fhrámú, gluaiseacht agus suíomh cuí ceamara a úsáid le ciall a chruthú
  - eagarthóireacht a dhéanamh ar do chuid seatanna, sruth agus luas san áireamh, agus teicnící d'eagarthóireacht leanúnachais in úsáid
- Ní dhéanfar measúnú díreach ar shoilsiú, mise-en-scène ná fuaim sa tasc seo ach b'fhéidir gur mhaith leat an deis a thapú le scileanna a fhorbairt sna réimsí seo anois, nó beidh siad mar chuid thábhachtach de réimsí an mheasúnaithe i gComhpháirt 3. Ba chóir duit úsáid a bhaint as soilsiú praiticiúil agus soilsiú atá ar fáil lena chinntiú go bhfuil do phíosa scannáin soiléir agus gur féidir measúnú beacht a dhéanamh ar do cheamaradóireacht.
- Ní mór duit an tsraitheog eagraithe dheireanach a chur isteach mar chomhad .mov.
- Is féidir leat inscne na gcarachtar a athrú.
- Is féidir rudaí malartacha cuí eile a chur in áit na bhfearas agus na rudaí eile atá liostaithe sa script scannáin.

TASC 2: SCRIPT SPREAGTHACH DO CHEAMARA & D'EAGARTHÓIREACHT

IST. SEOMRA LEAPA - MAIDIN

Músclaíonn ELLIE, déagóir codlatach, de réir a chéile ó thromchodladh. Tiontaíonn sí thart agus feiceann sí an NÓTA a d'fhág sí di féin.

"CUIR SLACHT AR AN TEACH. TÁ MAM AG TEACHT ABHAILE AR A 12"

Tugann sí spléachadh i dtreo an CHLOIG. Tá sé 11.57. Léimeann sí amach as an leaba go tobann agus scaoll uirthi agus tosaíonn láithreach ag bailiú na N-ÉADAÍ atá scaipthe trasna an urláir. Osclaíonn sí an vardrús go gasta agus brúnn sí gabháil éadaí isteach ann. Coinníonn sí na héadaí istigh lena cos agus ansin brúnn sí an doras lena dhruidim. Imíonn sí as an tseomra faoi dheifir.

IST. SEOMRA FOLCTHA – MAIDIN

Réabann Ellie isteach sa tseomra folctha. Tá TUÁILLÍ agus EARRAÍ NÍOCHÁIN ina luí ar an urlár agus sa doirteal. Sciobann sí na tuáillí den urlár agus cuireann isteach sa chiseán níocháin iad. Ansin, cuireann sí na hearraí níocháin in ord go néata san áit cheart. Imíonn sí ón tseomra faoi dheifir.

IST. SEOMRA SUÍ – MAIDIN

Tá CUPÁIN, PLÁTAÍ, GLOINÍ, CANNAÍ, COIMEÁDÁIN BEIR LEAT caite thart fud fad an tseomra suí. Bailíonn Ellie le chéile iad go gasta in aon charn amháin agus cuireann i bhfolach iad taobh thiar den tolg. Tugann sí spléachadh thart ar an tseomra lena chinntiú nár chaill sí rud ar bith. Imíonn sí ón tseomra faoi dheifir.

IST. CISTIN – MAIDIN

Tá Ellie trí chéile anois. Amharcann sí thart timpeall ar an chistin. Tá an doirteal lán PANNAÍ agus tá bairr na gcuntar breac le PAICÉID fholmha, le CLÚDAIGH, an áit ar fad ina thranglam. Sciobann ELLIE MÁLA BRUSCAIR ó chófra. Cuireann sí an chuid is mó de na pannaí atá sa doirteal isteach sa mhála bruscair agus ansin scuabann sí na paicéid fholmha agus na clúdaigh isteach sa mhála chéanna. Bogann sí i dtreo an chúldorais le linn di snaidhm mhór a chur ar an mhála.

AMGH. CÚLDORAS – NÓIN
Tá MAM ina seasamh ag an chúldoras go díreach nuair a osclaíonn Ellie é.

ELLIE
(Go maolchluasach)
"Ó, haigh a Mhaim. Fáilte abhaile."

Nótáil: Is féidir leat inscne an phríomhcharachtair a athrú agus mionathruithe a dhéanamh ar na suíomhanna. Ní mór ord na n-imeachtaí a fhágáil gan athrú.

TASC 3: FUAIM IARLÉIRITHE

Nóta do Mhúinteoirí:

Sa tasc seo, ní mór d'iarrthóirí **maisíochtaí fuaime agus ceol a chur** le **gearrthóg leanúnach 20 soicind** as an tsraitheog atá curtha ar fáil. Tá sé riachtanach go gcuirfear fuaim insinte chuí agus scór ceoil neamhinsinte léi ach níl caint de dhíth. Is féidir friotail nach mbaineann le teanga amhail osnaí, gáire nó screadanna a chur léi.

Is féidir maisíochtaí fuaime agus ceol ó fhoinsí eile a úsáid ach táthar ag súil go gcruthóidh an t-iarrthóir roinnt de na gnéithe fuaime go speisialta agus go ndéanfaidh sé iad a thaifeadadh.

Ní mór d'iarrthóirí gabháil scáileáin a chur ar fáil dá n-eagarthóireacht fuaime chríochnaithe i gcibé pacáiste bogearraí a d'úsáid siad lena cruthú. Ní mór d'iarrthóirí fosta loga ceoil agus leideanna fuaime a chur ar fáil, a léireoidh na gnéithe a foinsíodh agus iad siúd a cruthaíodh go speisialta. [Tá teimpléad don loga seo le fáil ar mhicreashuíomh an ábhair].

Nóta d'Iarrthóirí:

Díríonn an tasc seo ar scileanna i bhfuaim iarléirithe a fhoghlaim.

- Iarrtar ort **fuaimrian ilsraitheanna** a dhearadh agus a chruthú don tsraitheog atá curtha ar fáil. Ba chóir duit do **ghearrthóg leanúnach 20 soicind** féin a roghnú ón tsraitheog; níl sé riachtanach fuaimrian a tháirgeadh don tsraitheog iomlán.
  (uasfhad: 20 soicind)
- Is í an aidhm atá leis an tasc seo ná an cumas agat a mheasúnú maidir le réimse teicnící taifeadta fuaime agus eagarthóireachta a úsáid leis an atmaisféar chuí a chruthú.
- Beifear ag súil go ndéanfaidh tú na gnéithe fuaime seo a leanas a chomhcheangal:
  – scór ceoil
  – fuaimeanna Foley féinghinte
  – fuaim réamhthaifeadta foinsithe/maisíochtaí fuaime (*FX*)
- Ní mór don fhuaimrian dheireanach a bheith comhcheangailte leis an ghearrthóg físe roghnaithe agus a bheith curtha isteach mar chomhad .mov.
- Beifear ag súil leat fosta gabháil scáileáin den chomhéadan eagarthóireachta fuaime agat a chur isteach, a léiríonn an tasc eagarthóireachta fuaime comhlánaithe agat.
- Ní mór go gcuirfear isteach fosta loga ceoil agus leideanna fuaime a léiríonn na gnéithe fuaime a d'fhoinsigh tú agus iad siúd a chruthaigh tú féin.

TASC 4: BEOCHAN

Nóta do Mhúinteoirí:

Don tasc seo ní mór d'iarrthóirí **sraitheog bheoite (uasfhad: 20 soicind) a chruthú mar fhreagairt ar chlosrianta atá curtha ar fáil ag CCEA.** Beidh líon beag de ráitis chainte i bhfoirm ghuthaithe sna closrianta a dearadh le labhairt le carachtar beoite an iarrthóra le linn na sraitheoige.

Ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as **beochan íomhá ar íomhá** leis an tsraitheog a chruthú. Ní cheadaítear úsáid a bhaint as gabháil gluaisne nó as bogearraí beochana d'eochairfhrámú ríomhchuidithe.

Níl sé riachtanach d'iarrthóirí a samhaltáin bheochana féin a chruthú don tasc seo, cé gur féidir go roghnóidh siad é seo a dhéanamh. Beidh samhaltáin réamhdhéanta ón tseilf nó bréagáin le hailt inghlactha. Ní mór go ndéantar scannán den bheochan in aghaidh cúlra glan folamh, cé gur féidir le roinnt fearas simplí a bheith ag an charachtar. Níl aon dearadh léiriúcháin nó aon smaoineamh cruthaitheach de mise-en-scène taobh amuigh de léiriú an tsamhaltáin de dhíth.

De ghnáth bíonn sraith gníomhartha sa bheochan – **timthriall siúil** agus ina dhiaidh sin líon socraithe de **fhreagairtí** agus de **ghníomhartha mothúchánacha.** Ní mór go mbeidh an bhéim anseo ar chomharthaíocht choirp. Níl beochan de ghothaí gnúise de dhíth cé gur féidir le hiarrthóirí beochan a dhéanamh de ghluaiseachtaí breise más mian leo.

Nóta d'larrthóirí:

Díríonn an tasc seo ar scileanna beochana a fhoghlaim.

- Iarrtar ort sraitheog ghearr bheoite íomhá ar íomhá a chruthú **(uasfhad: 20 soicind)** atá bunaithe ar na comhaid fuaime ghuthaithe atá curtha ar fáil.
- Is í an aidhm atá leis an tasc seo ná do chumas a mheasúnú maidir le carachtar le hailt a bheochan, le gluaiseacht réidh nádúrtha agus le mothúcháin agus freagairtí mothúchánacha a chruthú. (Níl sé riachtanach do charachtar féin nó do sheit féin a chruthú mar ní dhéantar measúnú air seo sa tasc seo).
- Ní mór duit an bheochan dheireanach (agus guthú san áireamh) a chur isteach mar chomhad .mov.

Is iad na gníomhartha atá riachtanach sa mheasúnú rialaithe seo ná:

Fuaim: Caint Ghuthaithe (curtha ar fáil)	**Gníomh/Freagairt Riachtanach**
	Tá an carachtar ina shuí ar an talamh agus cuma bhrónach air.
"Hé, an bhfuil tú ceart go leor?"	Tiontaíonn an carachtar ar shiúl ón cheamara agus cuireann sé smut air féin.
"Ar mhaith leat rud éigin le sonas a chur ort?"	Léimeann an carachtar ina sheasamh agus claonann a cheann.
"Hóigh, tóg seo."	Tugtar bosca beag a bhfuil clúdach bronntanais air don charachtar. Stróiceanna sé an clúdach bronntanais de go fuinniúil agus nochtar píosa seacláide.
"Ná hith í uilig ag aon am amháin."	Imíonn an carachtar ón scáileán go gasta agus go sona agus an tseacláid á hiompar aige.